

Baile Shláine

1.0 Comhthéacs/Carachtar an tSráidbhaile

Tá clú ar Bhaile Shláine as a oidhreacht chultúrtha shaibhir éagsúil agus a chuid foirgneamh. Tá sé lonnaithe cois na Bóinne i gceantar ag a bhfuil fíor-áilleacht nádúrtha a ainmnítear mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus is tairseach é chuig an Láithreán Oidhreachta Domhanda, Brú na Bóinne. Eascraíonn formhór mhealltacht Bhaile Shláine óna shuíomh geografach; a ochtagán foirmeálta íocónach; agus úsáid na cloiche san ailtireacht. Is Ceantair Chaomhantais Ailtireachta (CCA) ainmnithe iad an sráidbhaile, Fearann Chaisleán Bhaile Shláine agus Muilleann Shláine. Is léir na bealaí isteach chuig an sráidbhaile mar gheall ar na ballaí de smionagar cloiche a bhfuil crainn lánaibí thar timpeall orthu, gné chlasaiceach de shráidbhailte Éireannacha ón ochtú haois déag. Caithfear béim a leagan air go bhfuil na gnéithe sin chomh tábhachtach céanna leis na foirgnimh laistigh den sráidbhaile. Tá na foirgnimh ar shráideanna Bhaile Shláine, chomh maith leis na fearainn phríobháideacha thimpeallaithe, chomh diolbha mar a mbeifí ag súil leis agus léirítear iad tríd an meascán eicléictiúil de thithe sraithe comhchosúla, tithe a bhfuil ceapacha ar leithid éagsúla ann agus foirgnimh scoite ar shéadchomharthaí iad a bhfuil úsáid chónaitheach agus eaglasta ag baint leo.

Áit san Ordthas Lonnaíochta	Sráidbhaile
2016 Daonra	1,369
2011 Daonra	1,349
Athrú Céatadáin 2011-2016	+ 1.50%
Soláthar tithíochta 2016	542
Líon aonad críochnaithe 2016-2019	4
Aonaid a gealladh nár tógadh go fóill	37
Leithdháileadh Teaghlaigh faoin gCroístraitéis 2020-2026 ¹	90 aonad
Réamh-mheastachán Daonra 2026	1,469
Saoráidí Oideachais	Bunscoil Naomh Pádraig
Saoráidí Pobail	6
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAnna)	LCA Lár Stairiúil Bhaile Shláine; LCA Chaisleán & Diméin Bhaile Shláine agus LCA Mhuileann Bhaile Shláine.

¹ Tá na haonaid nár tógadh fós san áireamh sa leithdháileadh seo

Déanmhais Chosanta	70
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Tá roinnt Criosanna Seirbhíse Séadchomhartha Náisiúnta Fógartha Seandálaíochta i lárcheantar na lonnaíochta.
Láithreáin Natura 2000	Tá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne & na hAbhann Duibhe suite i limistéar na lonnaíochta.
Measúnacht Straitéiseach ar Phriacal Tuile	An priacal tuile agus an fhorbairt a bhainistiú i gcomhréir leis na beartais agus na cuspóirí ceadaithe mar a leagtar amach iad in Imleabhar 1 Caibidil 6: Bonneagar.
Bonneagar/Toilleadh Seirbhísí Uisce	Tá acmhainn ar fáil i scéim Soláthair Uisce Bhaile Shláine. Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Shláine - toilleadh teoranta ar fáil.

Cuireann suíomh feiceálach an tsráidbhaile ar chnoc an iliomad radharc mealltach den tuath thart timpeall air ar fáil; agus dar ndóigh den bhaile é féin ón N2 ó dheas agus ó Mhullach Bhaile Shláine ó thuaidh. Tá fás i ndiaidh teacht ar an sráidbhaile ó thuaidh agus ó na crosbhóithre amach. Tá rogha leathan óstán, siopaí, bialann agus tithe tábhairne sa sráidbhaile. Bhí forbairt chónaitheach ar imeall an tsráidbhaile cois na mbealaí isteach.

Soláthraíonn Caisleán Bhaile Shláine suíomh mealltach le timpeallacht stairiúil ar thairiscint uathúil é do thurasóirí a mheallann go leor cuairteoirí chuig an gceantar. Tá cáil dhomhanda ar fhearann an chaisleáin mar ionad do cheolchoirmeacha lena shuíomh uathúil ar bhruach na Bóinne a chruthaíonn amfaitéatar nádúrtha. Úsáidtear Caisleán Bhaile Shláine, atá oscailte le haghaidh turas, mar ionad do bhainiseacha agus soláthraíonn sé áiseanna bialainne agus beáir. Ina theannta sin tá Drioglan Bhaile Shláine i ndiaidh oscailt le déanaí ar fhearann Chaisleán Bhaile Shláine ag cur le cáil Bhaile Shláine mar thaitneamhacht turasóireachta. Rugadh Francis Ledwidge sa sráidbhaile freisin, duine d'fhillí cogaidh na hÉireann. Tógadh spás cathartha ina onóir le músaem tiománta lonnaithe lasmuigh den bhaile.

Tá Baile Shláine ag forbairt, mar sin de, mar ionad fostaíochta don cheantar agus rogha éagsúil d'úsáidí turasóireachta, de bhia ceardaí, de shiopaí ceardaíochta agus d'úsáidí pobail.

2.0 Fís

Carachtar stairiúil sráidbhaile Shláine a fheabhsú agus a chosaint fad is atá riachtanais an phobail áitiúil, gnólachtaí agus cuairteoirí á bhfreastal; agus tacú le ról an tsráidbhaile mar thairseach do Ghleann na Bóinne, mol turasóireachta cultúrtha agus bia ceardaí sa Mhí. Bunchloch lárnach an Phlean seo is ea é tacú le hearnáil na turasóireachta agus na ceardaíochta i mBaile Shláine agus an ceantar máguaird agus í a fhorbairt tuilleadh, ag uasmhéadú an leas a bhaintear as chóngaracht Bhaile na Sláine do Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Bhrú na Bóinne.

3.0 Deiseanna

- Tá deis shuntasach ann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Bhaile Shláine mar ceann scríbe turasóireachta agus mar mhol do chuairoteoirí chuig Gleann na Bóinne.
- Chuirfeadh brandáil/léiriú an tsráidbhaile thar na príomhbhóithre agus ag bealaí isteach an tsráidbhaile le hatmaisféar na háite, agus neartódh sé féiniúlacht uathúil Bhaile Shláine.
- Is sainghné de na príomhbhóithre tríd an sráidbhaile é an líon mór tráchta, ar feithiclí earraí troma iad a bhformhór. Is é cuspóir na Comhairle ná sráidbhaile Shláine a sheachaint.
- Chuirfeadh soilsiú seasmhach poiblí agus gréasáin cosán d'ardchaighdeán tríd an sráidbhaile go mór chun comhshaol na gcoisithe a fheabhsú.
- Níl ach líon réasúnta beag láithreán deiseanna ann nach bhfuil ceaduithe atá ar fáil ann. Soláthraíonn ceantair críosaithe le haghaidh cónaithe i lár an tsráidbhaile deiseanna maithe chun an dhlúthfhorbraíocht reatha a threisiú.

4.0 Straitéis Talamhúsáide

Is í aidhm an straitéis um úsáid talún le haghaidh Bhaile Shláine ná timpeallacht thógtha atá tarraingteach agus sainiúil a choimeád agus cur le, chun mothú uathúil áite a chruthú dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair sa sráidbhaile chomh maith leo siúd a thugann cuairt ar Bhaile Shláine. Bainfear é sin amach trí dhéileáil go híogair le forbairt inlíonta agus trí phríomhfhoirgneamh tábhachtacha a chaomhnú go háirithe laistigh de na 3. Limistéar Chaomhantais Ailtireachta. Tá soláthair dlúthlár beoga sráidbhaile riachtanach dá mbeadh Bhaile Shláine in ann freastal ar a riachtanais daonra reatha agus amach anseo ar bhealach inbhuanaithe.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Maidir le cúrsaí forbraíochta le déanaí, tá ceadú ar fáil le haghaidh forbraíochta úsáide measctha de 13 árasán, 4 theach, 4 aonad mhiondíola agus ionad leighis i lár an tsráidbhaile. Dheonaigh an Chomhairle cead eile maidir le 23 áitreabh uimh. dhá urlár taobh thoir thuaidh den sráidbhaile.

Tá 2 shuíomh uimhrithe ann nach bhfuil stair pleanála reatha acu. Tá an chéad láithreán cóngarach d'eastát cónaithe Castlehill agus tá sé 2.6 heicteár ar mhéid. Tá an láithreán lonnaithe ag cúl eastát tithíochta reatha ar fhána cuarta a bhfuil a aghaidh ó dheas. D'fhéadfaí rochtain a fháil air tríd an áit chónaitheach reatha. Tá an dara ceann lonnaithe ó chrosbhóthar an tsráidbhaile, soir ó thuaidh. Arís tá an láithreán lonnaithe ag cúl áit fhoirgneamh cóngarach d'áit chónaitheach Ledwidge Hall agus tá sé 0.9 heicteár ar mhéid. Tá an áit gar d'Ardchros Fhionnúrach freisin agus is láithreán feiceálach é os cionn an tsráidbhaile.

4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht (miondíol san áireamh)

Aithnítear Baile Shláine mar ionad miondíola Leibhéal 4 in Ordthas Miondíola an Chontae. Tá aonaid thráchtála agus mhiondíola ar na bóithre a théann trí lár an tsráidbhaile. Sa chroílár

miondíola tá gnólachtaí ar nós siopaí beaga áise, ionad cúraim tréidlia, Comhar Creidmheasa, bialanna, nólann & tirimghlantóirí, siopaí búistéara, siopa geallghlacadóra, cógaslanna, siopaí gruagaire, bÁCús agus siopa cístí Ceardaí, óstán agus tithe tábhairne. Tá stiúideo ealaíne, siopa ceardaíochta agus delicatessen ann freisin a bhaineann le ‘Ceathrú Ealaíne’ Bhaile Shláine. Tá ráta ard áitíochta i measc aonaid mhiondíola agus thráchtála sa sráidbhaile.

Cé is moite de ghnáthmhiondíol mionscála an tsráidbhaile a bheadh coitianta dá mhéid, tá roinnt fostóirí suntasach laistigh de Bhaile Shláine agus maguaird. Tá an fhorbraíocht tionsclaíochta áitiúil i mBaile Shláine lonnaithe ar imeall thuaidh an tsráidbhaile i bhfoirm mhonarcha mór leasacháin (Grassland Fertilizers Ltd.) agus ag láithreán ar an taobh ó thuaidh de Mhuileann Bhaile Shláine (Eastát Tionsclaíochta Bhaile Shláine). Tá líon aonaid tionsclaíochta agus déantóirí píopaí in Eastát Tionsclaíochta Bhaile Shláine nó Newmill Industrial Estate. Tá ról tábhachtach fostaíochta ag Caisleán Bhaile Shláine agus ag Drioglan Bhaile Shláine sa sráidbhaile.

Mar a léirítear thuas, ba chóir go ndéanfar forbairt eacnamaíoch sa toadhchá i mBaile Shláine, mar gheall ar na sócmhainní suntasacha oidhreachta sa sráidbhaile, áit a mbeidh deiseanna ann i réimse na forbraíochta turasóireachta, bianna ceardaí agus na ceardaíochta srl.

4.3 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Freastalaíonn an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas ar Bhaile Shláine:

Uisce: Faigheann Baile Shláine a chuid uisce ó Scéim Soláthair Uisce Bhaile Shláine a bhfuil toilleadh ar fáil aige.

Fuíolluisce: Tá toilleadh breise teoranta ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Shláine. Níl aon phlean ann faoi láthair maidir le leathnú Caipitil. Measfar gach togra ar fhorbairt ag féachaint don toilleadh a bheidh ar fáil.

4.4 Gluaiseacht

Tá rochtain mhaith ar Bhaile Shláine maidir le bóithre agus na bealaí náisiúnta N2 agus N51 ag dul trí lár an tsráidbhaile. Dá bhrí an ghréasán bóithre seo, bhí a fhadhbanna tráchta féin ag Baile Shláine, mar gheall ar an líon mór tráchta a úsáideanna na bealaí N2 agus N51, a théann an ceachtar acu tríd an sráidbhaile. Bhí drochthionchar ag leibhéal agus cineál an tráchta ag dul tríd an sráidbhaile ar thimpeallacht an tsráidbhaile.

Cuspóir fhadtéarmach de chuid na Comhairle is ea seachbhóthair do Bhaile Shláine agus tacaíonn formhór na gcónaitheoirí áitiúla leis.

An phríomh-mhodh d’iompar poiblí atá ar fáil do Bhaile Shláine ná seirbhísí réigiúnda Bhus Éireann. Is iad na busanna 177, 188 agus 190 na príomhbhealaí a bhfuil stop sceidealaithe acu sa sráidbhaile. An tseirbhís dhíreach is coitianta go Baile Átha Cliath is ea ceann ón oibreoir príobháideach ‘Collins Coaches’ (Uimh. 980).

4.5 An Oidhreacht Chultúrtha agus Náisiúnta

Léiríonn carachtar Bhaile Shláine an lae inniu an tslí gur leagadh amach é mar sráidbhaile eastáit go luath san 18ú haois a bhain le Caisleán Bhaile Shláine agus muintir Conyngham. I lár an tsráidbhaile, ag crosbhealach an dá phríomhshráid, tá ceithre theach Sheoirseacha atá beagnach mar an gcéanna ar a dtugtar na ‘Ceithre Comhtheach’. Cruthaíonn na ceithre theach agus na ceithre shráid ochtagán. Tugtar ‘An Chearnóg’ ar an ngné seo go háitiúil. Tá foirgnimh liatha aolchlocha ón 18ú haois a bhfuil díonta slinne, fuinneog oirial agus céimeanna agus áirsí cloiche ann ar an dá phríomhshráid sa sráidbhaile.

Ar an taobh ó thuaidh den sráidbhaile ardaíonn Mullach Bhaile Shláine. Air sin tá líon láithreán stairiúil lena n-áirítear láithreán mainistreach Críostaí.

4.6 Bonneagar Glas

Tá tírdhreach álainn tarraingteach timpeall ar Bhaile Shláine. Tá réimse éagsúil gnáthóga tarraingteacha agus tábhachtacha ag baint leis an mBóinn i nGleann na Bóinne, lena n-áirítear conair abhann an-choillteach taobh ó dheas de lár an tsráidbhaile. Ainmnítear an Bhóinn mar láithreán Nature 2000 agus tá sí mar chuid de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Dhuibh (Cód an Láithreáin: 002299) agus mar chuid de Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Dhuibh (Cód an Láithreáin: 004232)

Ina theannta sin, tá gréasán láidir fál sceach ag Baile Shláine agus tá líon grúpaí crann agus crann aonair ainmnithe sa Phlean seo ar son caomhnaithe faoi fhorálacha Phlean Forbartha Chontae na Mí.

Is féidir Limistéar Shainghnéithe Thírdhreach Ghleann na Bóinne, ina bhfuil Baile Shláine lonnaithe, a aithint ón ngleann géar abhann agus talamh íseal réchnocach cois na Bóinne. Tá Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne ann atá ar cheann de na láithreáin réamhstairiúla meigiliteacha is mó agus is tábhachtaí san Eoraip. Tá tailte a chuimsíonn Brú na Bóinne lonnaithe lasmuigh de theorainn forbraíochta Bhaile Shláine, 2km ar an taobh thoir den sráidbhaile.

Cuireann Plean Gníomhaíochta 2016-2020 um Bithéagsúlacht de chuid Phobal Bhaile Shláine béim ar luach eiceolaíoch na háite agus an ardbhithéagsúlacht áitiúil. Molann an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht líon tionscadal uailmhianach agus gníomhaíochta ar féidir leis an bpobal i mBaile Shláine a chur i bhfeidhm.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá líon ghrúpaí pobail ann cheana agus áiseanna bainteach leis an sráidbhaile. Laistigh de lár shráidbhaile Shláine ta dhá eaglais agus dhá fhoirgneamh thánaisteacha, ionad leighis agus cearnóg mhealltach phoiblí. Ar an taobh ó thuaidh den sráidbhaile tá Bunscoil Naomh Pádraig agus ar an taobh thiar den sráidbhaile tá ionad cúram lae, stáisiún na nGardaí, leabharlann, agus Páirc Wheatfield a bhfuil Club Peile Slane Wanderers. Forbraíodh clós súgartha do pháistí ar Bhóthar Chollann. Tá gréasán ghrúpaí áitiúla an phobail i mBaile Shláine atá an-ghníomhach i mbainistíocht agus fás an tsráidbhaile sa toadhchá. Tá CLG Bhaile Shláine suite lasmuigh den sráidbhaile ag Baile Nua

na Manach agus fuair an club cead pleanála in 2016 chun teach an chlub agus na páirceanna imeartha bainteach leis a leathnú agus a athfhorbairt. Tá an tionscadal seo beagnach i gcrích faoi láthair.

4.8 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Tá Baile Shláine suite i dtírdhreach uathúil comhshaoil, agus Mullach Bhaile Shláine agus coillte aibí Ghleann na Bóinne mar chúlra aige. Tá an tírdhreach timpeall Bhaile Shláine gan mhilleadh a bheag nó a mhór, agus is cuid lárnach d'fhéiniúlacht an tsráidbhaile é. Léiríonn croílár stairiúil Bhaile Shláine croílár an tsaol shóisialta sa sráidbhaile fós agus líon fhoirgnimh ghnó agus chónaithe fós ann. Tá an sráidbhaile dírithe timpeall na 'cearnóige' lárnaí, cruth ochtagánach le ceithre shráid ag dul chuige.

Tá an baile inaitheanta lena struchtúr stairiúil ar leith agus crosbhóthar Bhaile Shláine a aithnítear láithreach a bhfuil ceithre theach mhóra scoite trí stór ina lár. Is ón 18ú hAois é an stíl áitiúil dhúchasach, a bhfuil foirgnimh shimplí cloiche gearrtha i gcearnóga ann, agus a bhfuil níos lú den mhionghné brící ann a bheadh coitianta in áiteanna eile sa Chontae. Níl mórán forbraíochta cónaithe i lár an bhaile cé is moite de roinnt tithíochta ó na 1950í – 70í ar an taobh thiar. Coinníonn foirm agus struchtúr foriomlán an tsráidbhaile a bhunús ón 18ú agus ón 19ú haois. Go bunúsach, d'eascraigh deilbheolaíocht láidir idir Bhaile Shláine ó chrosbhóthar an tsráidbhaile, agus forbraíocht níos déanaí sa 20ú haois á bhforbairt lasmuigh d'imeall limistéar traidisiúnta an tsráidbhaile.

5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha an tSráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

BEA BASH 1 Lár tráchtála agus cónaitheach shráidbhaile Shláine a dhaingniú agus a neartú, agus forbraíocht a spreagadh a chuirfidh le carachtar agus struchtúr chroílár an tsráidbhaile agus comhshaoil mealltach tógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a chaomhnú agus a fheabhsú, fad is a fhreastalaítear ar riachtanais gach cuid den phobal áitiúil le cinntiú go bhforbraíonn an sráidbhaile i slí inmharthana, mar áit mhealltach le cónaí agus obair ann, chun do scíth a ligean ann, agus chun cuairt a thabhairt air.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

- CUS BASH 1 Cuir i bhfeidhm Stráitéis Lárnach Phlean Forbartha an Chontae a dhaingníú chomh fada agus is infheidhmithe, agus ag cinntiú nach dtéitear thar an léithdháileadh tithíochta do Bhaile Shláine mar a leagtar amach i dTábla 2.11 den Stráitéis Lárnach.
- CUS BASH 2 Tacú le forbraíocht chónaitheach, agus spreagadh a thabhairt, ar thalamh nach n-úsáidtear a dhóthain agus/nó ar thalamh folamh lena n-áirítear láithreáin 'inlfionta' agus 'athfhorbraíochta ag brath ar dhearadh agus leagan amach d'ardchaighdeán a bhaint amach.

Geilleagar agus Fostaíocht

- CUS BASH 3 Moladh a thabhairt chun foirgnimh fholmha a thabhairt ar ais i lár an tsráidbhaile chun iad a úsáid is slite a thagann le scála agus carachtar reatha an tsráidbhaile.
- CUS BASH 4 Forbairt láithreán le deiseanna inlfionta a iarraidh chun dlúthfhorbraíocht a fheabhsú sa sráidbhaile agus chun láithreán lárnach a úsáid.
- CUS BASH 5 Caisleán Bhaile Shláine a chur chun cinn mar cheann scríbe ileispéireas turasóireachta agus taitneamhachta sa Chontae, ag brath ar ghnáthchaighdeáin bainistíochta forbartha. Tacóidh an Chomhairle le tuilleadh forbartha cuí a dhéanamh ar tháirge turasóireachta comhtháite Chaisleán Bhaile Shláine, agus cuirfidh sí chun cinn í, ar an gcoinníoll go soláthrófaí nó go dtabharfaí suas chun dáta an bonneagar fisiciúil riachtanach agus go ndéanfaí sláine an Déanmhais Chosanta agus a thimpeallacht a chosaint, lena n-áirítear Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta & Limistéar faoi Chosaint Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Dhuibh.
- CUS BASH 6 Tacaíocht a fháil chun Baile Shláine a fhorbairt mar mhol turasóireachta.

Bonneagar

- CUS BASH 7 Tacaíocht a thabhairt do sheachadadh agus cruthú an tSeachbhóthair N2 do Bhaile Shláine, agus é a éascú, forbraíocht a mheastar a dhéanfaidh comhréiteach d'fhorbraíocht thábhachtach bonneagair, ag brath ar na ceaduithe forbraíochta cuí a theastaítear a fháil, agus roghanna bhealaí conairí a choinneáil agus a chosaint ó fhorbraíocht a chuirfeadh isteach ar fhoráil an tionscadail. Braithfidh forbairt an tionscadal ar thoradh phróiseas an Imscrúdaithe Chuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar láithreáin Eorpacha, forbrófar bealaí nó dearaí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna ná tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bhearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag an togra ar an Láithreá(i)n Eorpach(a), ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar ar shláine Láithreán Eorpach.
- CUS BASH 8 Teagmháil a dhéanamh le hUisce Éireann agus tacú leo maidir le seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar chun freastal ar riachtanais forbartha Dhún Búinne agus Chluain Aodha le linn thréimhse an Phlean

CUS BASH 9 Áiseanna reatha pobail agus spóirt i mBaile Shláine a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dá bhforbairt agus dá leathnú amach anseo

Gluaiseacht

CUS BASH 10 Éifeacht roghanna bhainistíocht tráchta a imscrúdú agus, más cuí, a gcur i bhfeidhm a chur chun cinn, lena n-áirítear feithiclé earraí troma, nach cinn áitiúla iad, a bhaint ón N2 trí shráidbhaile Shláine, in éineacht leis an RII agus le húdaráis ábhartha eile le comhshaol feabhsaithe níos sábháilte a sholáthar don sráidbhaile.

CUS BASH 11 Iarracht a dhéanamh bearta cheansú tráchta a thabhairt isteach ar príomhbhóithre an tsráidbhaile ag suíomhanna lárnach chun luas an tráchta a ísliú agus sábháilteacht choisithe a fheabhsú.

Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

CUS BASH 12 Tírdhreach an tsráidbhaile a chosaint.

CUS BASH 13 Caomhnú agus sealbhú na mionsonraithe traidisiúnta agus na n-ábhar ar fhoirgnimh reatha agus ar an sráid-dreach a iarraidh mar a mbíonn feabhsuithe agus oibríochtaí cothabhála ar siúl.

CUS BASH 14 Tacaíocht a thabhairt don phobail agus do na príomhpháirtithe leasmhara i gcur i bhfeidhm Phlean Pobail Bhaile na Shláine um Bithéagsúlacht 2016-2020 agus aon athbhreithnithe air.

CUS BASH 15 Bheith ag iarraidh go mbeadh gach togra forbraíochta laistigh de nó teorantach le Limistéar Chaomhantais Ailtireachta ag teacht le carachtar na háite, go mbeadh an dearadh cuí maidir le hairde, scála, dlús na ceapaí, leagan amach, na hábhair agus bailchríocha, agus go mbeadh sé suite agus deartha go cuí le comhairle a tugadh i Ráiteas Charachtar Limistéar Chaomhantais Ailtireachta Bhaile Shláine.

CUS BASH 16 Iarracht a dhéanamh radhairc a aithnítear ar an léarscáil críosaithe um úsáid an talaimh a chaomhnú ó fhorbraíocht a mbeadh tionchar diúltach aige ar charachtar agus ar thaitneamhacht fheiceálach an tírdhreacha.

CUS BASH 17 Caomhnú crann aonair nó grúpaí crann mar a aithnítear iad ar an léarscáil críosaithe talamhúsáide a chur chun cinn agus na crainn sin a bhainistiú i gcomhréir le dea-chleachtas crannadóireachta.

Dearadh Uirbeach & Réimse Poiblí

CUS BASH 18 Carachtar an tsráidbhaile agus a shuíomh a chaomhnú agus é riachtanach go dtéadh airde, scála, dearadh agus ábhair aon fhorbraíocht mholta laistigh den sráidbhaile agus sa cheantar máguaird le carachtar an tsráidbhaile agus nach laghdódh sé suaithinseacht na háite. Ní mór go bhfreagródh foirgnimh nua do chomhthéacs an láithreáin aonair agus go dtabharfaí aird chuí ar fhorbraíocht in aice láimhe.

CUS BASH 19 Brandáil/léiriú seasmhacha a thabhairt isteach don sráidbhaile ag na bealaí isteach chuig an sráidbhaile ar na príomhshráideanna, i bhfoirm comharthaí ardchaighdeáin,

eolas turasóireachta, ealaíne poiblí agus chaighdeáin sheasmhacha do shoilsiú an tsráidbhaile a neartódh féiniúlacht Bhaile Shláine.

CUS BASH 20 Moladh a thabhairt na gnéithe a chuireann isteach ar an radharc ar nós cáblaí lastuas agus comharthaí mí-oiriúnacha.

CUS BASH 21 Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthacht na cosáin a leathnú timpeall Bhunscoil Naomh Pádraig agus scáthphlandáil a sholáthar do charrchlós na scoile i dteannta le páirtithe leasmhara ábhartha